Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 21 Deireadh Fómhair 2020
(OR. en)

12060/20

TRANS 479
AVIATION 188
MAR 136

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Breithnithe beartais do phlean teagmhasachta le haghaidh paindéimí agus mórghéarchéimeanna eile d’earnáil iompair lasta na hEorpa<br>- Glacadh na gconclúidí ón gComhairle |

## I. RÉAMHRÁ

An 27 Lúnasa 2020, dháil an Uachtaránacht nóta maidir le tagarmharcanna don phleanáil le haghaidh paindéimí in earnáil iompair lasta na hEorpa. Tar éis an nóta a chur i láthair na Meithle um Iompar – Ceisteanna idirmhódúla agus líonraí an 2 Meán Fómhair, chinn an Uachtaránacht Conclúidí ón gComhairle a ullmhú ar ábhar na pleanála teagmhasachta san iompar lasta.

## II. AN OBAIR I gCOMHLACHTAÍ ULLMHÚCHÁIN NA COMHAIRLE

Pléadh na dréachtchonclúidí ag na cruinnithe a bhí ag an meitheal, an 14 agus an 18 Meán Fómhair agus an 9 Deireadh Fómhair.

Phléigh Coiste na mBuanionadaithe na dréachtchonclúidí an 21 Deireadh Fómhair 2020 agus d'iarr sé ar an gComhairle na dréacht-Chonclúidí a fhormheas[1].

[1] 10762/20

**NA CONCLÚIDÍ**

Tar éis di iarraidh a fháil ó Choiste na mBuanionadaithe, iarrtar ar an gComhairle na conclúidí, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn atá i gceangal leis seo, a fhormheas.

**<u>IARSCRÍBHINN</u>**

# CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le

## breithnithe beartais do phlean teagmhasachta le haghaidh paindéimí agus mórghéarchéimeanna eile d'earnáil iompair lasta na hEorpa

**MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH**

**AG FÉACHAINT DO**

- na Treoirlínte ón gCoimisiún an 15 Márta 2020 maidir le bearta bainistithe teorainneacha chun an tsláinte a chosaint agus chun a áirithiú go mbeidh fáil ar earraí agus seirbhísí riachtanacha[2];

- an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 23 Márta 2020 maidir le cur chun feidhme na Lánaí Glasa faoi na Treoirlínte maidir le bearta bainistithe teorainneacha chun an tsláinte a chosaint agus chun a áirithiú go mbeidh fáil ar earraí agus seirbhísí riachtanacha[3];

- na Treoirlínte ón gCoimisiúin Eorpach an 26 Márta 2020 maidir le hOibríochtaí Aerlasta a Éascú le linn ráig COVID-19[4];

- na Treoirlínte ón gCoimisiún an 8 Aibreán 2020 maidir le cosaint sláinte, aisdúichiú agus socruithe taistil do mharaithe, do phaisinéirí agus do dhaoine eile ar bord long[5];

- na treoirlínte ón gCoimisiún an 13 Bealtaine 2020 maidir le seirbhísí agus nascacht iompair a athbhunú de réir a chéile[6];

- an treoir ón Aontas Eorpach an 13 Bealtaine 2020 maidir le seirbhísí turasóireachta a atosú de réir a chéile agus le prótacail sláinte i ngnólachtaí fáilteachais[7];

- an Moladh ón gComhairle maidir le cur chuige comhordaithe i leith saorghluaiseacht a shrianadh mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19[8];

---

[2] C(2020) 1753 (final)
[3] C(2020) 1897 (final)
[4] C(2020) 2010 (final)
[5] C(2020) 3100 (final)
[6] C(2020) 3139 (final)
[7] C(2020) 3251 (final)

Tá **SÍ TIOMANTA** a chion a dhéanamh chun earnáil iompair na hEorpa a chosaint ar éifeachtaí paindéimí agus mórghéarchéimeanna eile;

**MEABHRAÍTEAR DI** gur cruthaíodh, leis an dianghlasáil a rinneadh de bharr paindéim COVID-19, a thábhachtaí atá trácht trasteorann gan uaim agus idirnascadh réigiúin an Aontais, go háirithe sna réigiúin teorann;

**CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR** a thábhachtaí atá sé leanúnachas críche a chaomhnú i dtréimhse ghéarchéime, lena n-áirítear leanúnachas críche na gcríoch Eorpach thar lear;

**MEABHRAÍTEAR DI** go bhfuil sé léirithe go soiléir le cúpla mí anuas a thábhachtaí agus a íogaire atá an earnáil iompair chun slabhraí soláthair athléimneacha a áirithiú agus a thábhachtaí atá sé sásraí iontaofa láidre comhordúcháin a chruthú chun srianta aontaobhacha, neamhchomhordaithe a sheachaint;

**IS DEIMHIN LÉI** gur cheart gach srian agus gach bac ar shaorghluaiseacht earraí agus oibrithe iompair a sheachaint agus **CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR** gur cheart conairí an Ghréasáin Thras-Eorpaigh Iompair (TEN-T) agus naisc thrasteorann fhíor-riachtanacha eile a choimeád ag feidhmiú i gcás paindéimí agus mórghéarchéimeanna eile trína áirithiú go leanfaidh na seirbhísí coimhdeacha ábhartha agus gaolmhara d'fheidhmiú agus na teorainneacha de bheith oscailte le haghaidh an iompair lasta;

**TUGANN SÍ DÁ hAIRE** go bhfuil tábhacht shistéamach ag baint le hearnáil an iompair ina hiomláine, agus go háirithe leis an iompar lasta, dár bpobal, ós rud é nach dtagann deireadh leis na naisc iompair ag na teorainneacha seachtracha náisiúnta ná ag teorainneacha seachtracha an Aontais. Dá bhrí sin, ní mór dúinn dearcadh Eorpach agus dearcadh idirnáisiúnta a bheith againn ar shoghluaisteacht oibrithe iompair agus oibríochtaí iompair, agus é sin i dtráth géarchéime freisin, agus ba cheart dúnadh teorainneacha laistigh den Aontas Eorpach a sheachaint agus ba cheart don sreabhadh earraí, lena n-áirítear trí na pointí iontrála san Aontas Eorpach, leanúint dá ghnáthfheidhmiú;

**IS DEIMHIN LÉI** gur cheart an taithí a fuarthas le linn phaindéim COVID-19 a chur san áireamh ina hiomláine agus gur cheart comhar agus iarrachtaí coiteanna a neartú chun saorghluaiseacht oibrithe iompair agus earraí thar theorainneacha inmheánacha an Aontais a áirithiú, chomh maith le comhar le tríú tíortha;

---

[8] IO L337, 14.10.2020, lgh. 3-9

**IS DÍOL SÁSAIMH DI** an cur chuige comhordaithe solúbtha comhréireach agus neamh-idirdhealaitheach atá á saothrú le roinnt míonna anuas ag an Aontas, ag na Ballstáit agus ag an earnáil iompair; an dlúthchomhordú idir na húdaráis inniúla náisiúnta, go háirithe i réimse an iompair, na ngnóthaí inmheánacha agus na sláinte; an dlúthchomhar agus an malartú faisnéise i gcomhthéacs shocruithe comhtháite an Aontais maidir le freagairt pholaitiúil ar ghéarchéimeanna (IPCR); agus an malartú rialta gasta faisnéise nuashonraithe atá á dhéanamh trí líonra phointí teagmhála náisiúnta aireachtaí iompair na mBallstát le rannpháirtíocht an Choimisiúin;

**IS DÍOL SÁSAIMH DI** comhlíonadh comhordaithe na moltaí agus na treorach ón gCoimisiún agus ó na heagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha atá á dhéanamh ag na Ballstáit i réimse an iompair le míonna anuas;

**IS DÍOL SÁSAIMH DI** go bhfuil bearta teagmhasachta spriocdhírithe á nglacadh ar bhealach gasta, machnamhach, diongbháilte chun oibríochtaí iompair a choinneáil ar bun le linn phaindéim COVID-19 laistigh den Aontas agus go hidirnáisiúnta;

**IS DÍOL SÁSAIMH DI** an malartú rialta faisnéise agus an comhordú rialta atá á dhéanamh le comhlachais de chuid na hearnála iompair ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach;

**IARRANN SÍ** ar an gCoimisiún plean teagmhasachta le haghaidh paindéimí agus mórghéarchéimeanna eile a ullmhú d'earnáil iompair lasta na hEorpa, ina mbeidh bearta lena n-áiritheofar comhordú ar leibhéal an Aontais agus treoirlínte soiléire bunaithe, i gcás inarb iomchuí, ar mheasúnú tionchair agus tar éis dul i gcomhairle leis an earnáil iompair, agus lena ndéanfar measúnú ar na bearta a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéim COVID-19 agus staid fhoriomlán na hearnála iompair á cur san áireamh ó thús na paindéime;

**MOLANN SÍ** don Choimisiún, d'fhonn raon feidhme an phlean teagmhasachta a shoiléiriú, sainmhíniú comhleanúnach ar 'mórghéarchéim' a chur ar fáil, agus é á chur san áireamh gurb é is aidhm don phlean teagmhasachta cabhrú le tionchair féideartha thromchúiseacha ar an iompar lasta agus ar dhea-shreabhadh earraí idir na Ballstáit agus le tríú tíortha a sheachaint i gcás a leithéid de ghéarchéim thromchúiseach.

**MOLANN SÍ** don Choimisiún an plean teagmhasachta a shíneadh go páirteach nó go hiomlán, i gcás inarb iomchuí, chun iompar paisinéirí agus iompar i gcoitinne a chumhdach;

**MOLANN SÍ** go mbeadh an plean teagmhasachta sin ceangailte go dlúth leis an iarraidh ón gComhairle go ndéanfaí meastóireacht ar phaindéim COVID-19 i ndáil leis an margadh inmheánach;

**IARRANN SÍ** ar an gCoimisiún féachaint an bhféadfaí na gnéithe seo a leanas a chumhdach sa phlean teagmhasachta: oibríochtaí iompair lasta trasteorann a choinneáil ar bun ar feadh na gconairí TEN-T agus ar feadh na nasc trasteorann fíor-riachtanach eile, chomh maith le seirbhísí coimhdeacha gaolmhara a thacaíonn leis na líonraí sin, saorghluaiseacht oibrithe iompair a áirithiú agus a sláinte agus a sábháilteacht á gcosaint ag an am céanna; treoirlínte agus boscaí uirlisí de dhea-chleachtais a ullmhú d'fhonn athléimneacht na hearnála iompair a neartú, agus creat rialála comhleanúnach a bhunú maidir le díolúintí atá le cur i bhfeidhm i gcás paindéimí agus mórghéarchéimeanna eile;

**CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR** a thábhachtaí atá sé go gcuirfeadh plean teagmhasachta den sórt sin riachtanais shonracha na mBallstát sin nach bhfuil teorainn talún acu le Ballstát eile, na n-oileán, na réigiún iargúlta agus forimeallach, agus na gcríoch thar lear san áireamh, d'fhonn nascacht a áirithiú agus imeallú a chosc;

**IARRANN SÍ** ar an gCoimisiún na struchtúir agus na líonraí atá ann cheana a úsáid agus a neartú, lena n-áirítear gréasán pointí teagmhála náisiúnta na n-aireachtaí iompair;

**CUIREANN SÍ I dTREIS** i ndáil le dréachtú an phlean teagmhasachta, a thábhachtaí atá tiomantas an Aontais do neodracht aeráide faoi 2050, prionsabail na coimhdeachta, na comhréireachta agus na rialála níos fearr, agus go n-urramófaí saineolas agus inniúlacht na n-údarás agus na ngeallsealbhóirí éagsúla lena mbaineann;

**IARRANN SÍ** ar an gCoimisiún measúnú críochnúil a dhéanamh ar chéimeanna breise a d'fhéadfaí a dhéanamh d'fhonn digiteáil na hearnála iompair agus comhthiomsú faisnéise a chur chun cinn, agus feabhas á chur, ag an am céanna, ar athléimneacht na ngréasán TF agus ar aip Lánaí Glasa Galileo;

**IARRANN SÍ** ar an gCoimisiún na ceachtanna a foghlaimíodh ó úsáid na Lánaí Glasa a chur san áireamh ina chuid oibre amach anseo d'fhonn a áirithiú go bhfeidhmeoidh slabhraí iompair agus lóistíochta agus go mbeidh na dálaí taistil agus oibre intuartha comhchuibhithe, go háirithe tríd an deimhniú d'oibrithe iompair idirnáisiúnta, dá dtagraítear sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le cur chun feidhme na Lánaí Glasa ar fud an Aontais a ghlacadh, i bhformáid pháipéir nó dhigiteach, agus, i gcás inarb iomchuí, úsáid na hilmhódúlachta agus na modhanna iompair inbhuanaithe atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a chur chun cinn;

**IARRANN SÍ** ar an gCoimisiún creat sonrach a fhorbairt, i ndáil leis an athbhreithniú ar an gcreat sealadach státchabhrach, do státchabhair shealadach don phaindéim atá ann faoi láthair, paindéimí eile a d'fhéadfadh teacht agus mórghéarchéimeanna eile, creat trína bhféadfadh na Ballstáit tacú leis an earnáil iompair ar bhealach gasta comhréireach neamh-idirdhealaitheach, agus an gá atá le gníomhú go tapa solúbtha sna cásanna sin á chur san áireamh;

**MEABHRAÍTEAR DI** a thábhachtaí atá Rialachán (AE) 2019/452 lena mbunaítear creat maidir le hinfheistíochtaí díreacha coigríche isteach san Aontas a scagadh agus a thábhachtaí atá an Treoir ón gCoimisiúin do na Ballstáit maidir le hinfheistíocht dhíreach choigríche agus saorghluaiseacht caipitil ó thríú tíortha, mar aon le sócmhainní straitéiseacha na hEorpa a chosaint, roimh chur i bhfeidhm an Rialacháin[9];

**CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR** a riachtanaí atá sé go gcuirfí ábhair imní na hearnála iompair san áireamh agus rialacha nó bearta comhordaithe á nglacadh nó á mbreithniú maidir le sláinte agus trasnuithe teorann, chun tionchar diúltach ar shlabhraí soláthair a sheachaint agus chun saorghluaiseacht earraí agus oibrithe iompair, chomh maith le hathruithe foirne, a éascú.

---

[9] C(2020) 1981